Coimisinéir Thuaisceart na hÉireann um Leanaí agus Daoine Óga

Is mise Patricia Lewsley agus is mise Coimisinéir Thuaisceart na hÉireann um Leanaí agus Daoine óga. Is é an post atá agam tacaíocht a thabhairt agus bheith ag obair libh agus ar bhur son. Déanaimse seo trína chur in iúl don Rialtas agus d'eagraíochtaí eile cén dóigh ar féidir leo bhur saol a fheabhsú.

Leis seo a dhéanamh, ba mhaith liom cloisteáil uaibh faoi na tuairimí atá agaibh ar bhur saol agus faoi na ceisteanna sin is tábhachtach libh.

Patricia Lewsley
Commissioner

Gabh i dteagmháil linn!

NICCY
Equality House
7-9 Shaftesbury Square
Béal Feirste BT2 7DP
T: 028 9031 1616
E: info@niccy.org
F: 028 9031 4545
www.niccy.org

Tig gabháil i dteagmháil linn trí* Minicom *ar
028 9031 6393
***nó trí úsáid as bhaint as Seirbhísí Leaschraolta chun teagmháil a dhéanamh le huimhir theileafóin an* NICCY**
028 9031 1616

Má tá formáid eile de dhíth oraibh, gabh i dteagmháil le hoifig an NICCY le bhur dtoil.

DESIGNED BY RIVERINE CREATIVE 087 9310658

NICCY

Northern Ireland Commissioner for Children and Young People

ourwork 08-11

1 Ag cur d'fhiachadh ar an Rialtais ar gheall siad daoibh a chomhlíonadh

De réir an dlí, is é dualgas mo phoist bhur gcearta agus bhur leas a spreagadh agus a chosaint.

Leis seo a dhéanamh bainim úsáid as liosta gealltanas atá tugtha ag an Rialtas do gach aon leanbh agus duine óg i dTuaisceart na hÉireann. Is é a thugtar ar na gealltanais seo Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC). Ba mhaith liom a chinntiú fosta go bhfuil sibh eolach ar an UNCRC agus go dtuigeann sibh an tábhacht a bhaineann leis daoibh. Is féidir teacht ar an liosta de 42 gealltanas ar ár suíomh idirlín nó ar ár mbileog UNCRC.

Is é ceann de na dualgais atá orm teacht ar bhealaí úra, pléisiúrtha, chun cumarsáid a dhéanamh libh agus chun éisteacht libh. Ba mhaith liom sibh a spreagadh chun bheith páirteach sna cinntí sin a bhfuil tionchar acu oraibh. B'fhéidir do dtiocfadh le bhur dtuismitheoirí agus le bhur gcúramóirí bheith páirteach chomh maith.

Tá Painéal Óige agam fosta, grúpa ógánach a thugann a dtuairimí dom go díreach ar na rudaí a dhéanaim agus ar na rudaí ba chóir do dhaoine eile bheith a dhéanamh.

2 Ag tabhairt tacaíochta agus comhairle dhlíthiúil daoibh

Is é an dualgas atá orainn comhairle agus tacaíocht a thabhairt agus sibh a chur ar an eolas má bhraitheann sibh nach bhfuil cuidiú le fáil ó dhuine ar bith eile. Beidh oibrithe cásanna leithleacha an NICCY ábalta cluas éisteachta a thabhairt agus déanfaimid ár ndícheall le chéile cuidiú agus comhairle a thabhairt daoibh ar aon cheist a bhíonn agaibh.

Tá cuidiú tugtha againn cheana féin do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí acu a bhaineann le hoideachas; le sláinte: le huchtú; le ceartas don óige; le sábháilteacht ar bhóithre; le tromaíocht agus le cúinsí eile a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga.

Tig liom fosta cuidiú a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga le cás dlí nó tig liom bheith páirteach i gcásanna eile. Tá treoirlínte agam le cuidiú liom cinneadh a dhéanamh agus tig libhse iad seo a iarraidh.

Tig liom fosta iniúchadh foirmiúil a dhéanamh ar sheirbhís. Fágann sé seo go gcaithfidh daoine óga mé ar a chur ar an eolas agus fianaise a thabhairt dom faoin rud atá siad a dhéanamh, nó nach bhfuil siad a dhéanamh, ar son leanaí agus daoine óga.

Muna mbíonn sibh cinnte gur féidir liom cuidiú libh, cuirigí scairt agus cuirigí ceist. Labhróidh duine de na hoibrithe cásanna leithleacha leat agus munar féidir linn cuidiú libh tá a fhios againn cé is féidir.

3 Ag fáil amach faoi cheisteanna- ag déanamh athruithe ar bhur son

Bainim úsáid as taighde le fáil amach cad é mar atá an saol ag leanaí agus ag daoine óga. Ciallaíonn sé seo go bhfuil mé cinnte de go bhfuil na fíricí nó an 'fianaise' agam uaibh agus ó dhaoine eile a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga. Tig libh teacht ar an taighde mar aon le mo chuid polasaithe ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le leanaí agus le daoine óga ach dul ar shuíomh idirlín an NICCY **www.niccy.org**

Má chreidim nach bhfuil seirbhís cheart á tabhairt do leanaí agus do dhaoine óga tig liom an tseirbhís sin a iniúchadh- tugaimis athbhreithniú seirbhíse air seo.

ourwork 08-11

Idir 2008 agus 2011 tá mé ag díriú mo chuid oibre ar chúig phríomhréimse. Tugaimid ár dtosaíochtaí orthu seo, mar atá:

- Súgradh agus Fóillíocht
- Bhur dTuairimí a Nochtadh
- Folláine agus Sláinte Mheabhrach
- Cosaint
- Caitheamh Cothrom

Tig libh tuilleamh eolais a fháil ar na tosaíochtaí seo ach cuairt a tabhairt ar www.niccy.org/ourwork

Is sibhse is tábhachtaí!

Leanaí agus Daoine Óga croílár ár gcuid oibre. Ba mhaith liom bhur dtuairimí a chloisteáil agus ba mhaith liom a chinntiú go bhfuil sibh páirteach i mo chuid oibre.

Tá gach aon duine anseo in NICCY ar a ndícheall lena chinntiú go gcuirfear bhur dtuairimí san áireamh agus cinntí á ndéanamh agam, ag an Rialtas, ag an Chomhthionóil agus ag gach aon duine atá in ainm a bheith ag obair ar bhur son!